



Nóta Faisnéise SD 0004/2022

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na nIarbhunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta Aitheanta go léir

Faisnéis Thábhachtach maidir le riaracháin scoileanna

Iarrtar ar scoileanna aird a thabhairt ar an bhfaisnéis seo a leanas le linn dóibh oibríochtaí rialta a phleanáil agus a ullmhú. Tá trí mhír i gceist anseo: a mheabhrú gan táillí a ghearradh i leith ligean isteach i scoileanna agus i leith rollú scoile; a chinntiú go gcoinnítear oiliúint garchabhrach cothrom le dáta; agus breithniú a dhéanamh ar an ról mar Thathantóir Fuinnimh/Inbhuanaitheachta a chur ar áireamh i bhfoireann bhainistíochta na scoile.

Beartais i dtaca le Ligean Isteach i Scoileanna

Le halt 64 den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018, toirmisctear táillí ligin isteach agus rollaithe a ghearradh i leith iarratas ar ligean isteach i scoil agus i leith rollú nó rollú leanúnach aon mhic léinn i scoil.

Ba mhaith leis an Roinn a mheabhrú do scoileanna atá sa scéim saoroideachais (scoileanna nach ngearrann táillí) nach ceadmhach íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí airgeadais i leith ábhar nó gníomhaíochtaí foghlama a iarraidh mar chuid den phróiseas um ligean isteach. Níor cheart aon tagairtí do mhuirir nó ranníocaíochtaí airgeadais a bheith ann sa bheartas i dtaca le ligean isteach, i bhfógra faoi ligean isteach nó i litir tairisceana áite arna n-eisiúint ag scoil. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar thagairtí den sórt sin ná a thabhairt le tuiscint gan chuimhneamh go ngearrtar muirear i leith ligean isteach.

Féadfar ranníocaíochtaí i leith ábhair nó gníomhaíochtaí foghlama a iarraidh tráth níos déanaí mar chuid de na gnáthshocruithe agus na gnáthullmhúcháin do thús na scoilbhliana nua.



Garchabhair

Meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta a thábhachtaí atá cúram agus sábháilteacht gach dalta/mic léinn, gach baill foirne agus gach cuairteora ar a scoil. Meabhraítear dóibh freisin gur cheart an cúram agus an tsábháilteacht sin a bheith i gcoírlár gach beartais agus cleachtais.

Ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil Ráiteas Sábháilteachta i bhfeidhm chun an baol díobhála agus tinnis a laghdú agus ní mór dóibh soláthar cuí a chur i bhfeidhm chun an pobal scoile a chosaint. Ba cheart breac-chuntas soiléir a bheith ann sa Ráiteas Sábháilteachta freisin ar an dóigh a ndéanann an scoil trealamh agus soláthairtí garchabhrach a sholáthar agus a chothabháil agus ar an dóigh a gcuirtear oiliúint ar bhaill foirne i nithe den sórt sin a úsáid. Ba cheart do scoileanna a chinntiú go gcoinnítear soláthairtí garchabhrach agus oiliúint garchabhrach cothrom le dáta.

I gcomhar leis an Roinn, d'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta roinnt acmhainní a bhfuil mar aidhm shonrach leo tacú le scoileanna sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú sa timpeallacht scoile. Ina theannta sin, soláthraíonn an tÚdarás roinnt cúrsaí múscailt feasachta ar líne don earnáil scoileanna ar a thairseach Ríomhfhoghlama ag <https://hslearning.ie>.

Tathantóir Fuinnimh/Inbhuanaitheachta i Scoileanna

Le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar an bhfoireann ceannaireachta scoile agus ar ról agus freagrachtaí a shannadh/a athshannadh do shealbhóirí poist de réir na gclárán ábhartha ón Roinn (arb ionann iad faoi láthair agus [Ciorclán 0044/2019](#) do bhunscoileanna agus [Ciorclán 0003/2018](#) d'iar-bhunscoileanna), is féidir go mbeidh scoileanna/boird oideachais agus oiliúna ag iarraidh breithniú a dhéanamh ar an ról mar thathantóir fuinnimh/inbhuanaitheachta a chur ar áireamh mar chuid de ról agus freagrachtaí na foirne ceannaireachta dáilte.

Tá an Roinn ag obair go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun tacú le scoileanna ina leith sin laistigh de na cláir sheanbhunaithe atá ann cheana de chuid an Údaráis. Féach <https://www.seai.ie/community-energy/schools/>.

Paraic Joyce

Príomhoifigeach

An Rannóg um Rialachas Scoileanna agus Leithdháileadh Múinteoirí Aibreán 2022